



1916

The 1916 Rising: Personalities and Perspectives

09.0 Iad Siúd a Cuireadh Chun Báis

09.5 Michael Mallin

Rugadh Michael Mallin (c.1874-1916) i mBaile Átha Cliath, mac le John Mallin, siúinéir. Is dóigh go bhfuair sé a chuid scoláireachta go háitiúil sa scoil náisiúnta. Chuaigh sé san arm mar dhrumadóirín, agus é thart ar sé bliana déag d'aois is dócha, nuair a bhí an- tóir ar an arm ag buachaillí ó cheantair de chuid na haicme oibre chun slí bheatha a bhaint amach. Chaith sé thart ar cheithre bliana déag san arm, agus rinneadh oifigeach coimisiúnta de (NCO). Chaith sé seal san India, mar a dtáinig maláire air.

Tar éis dó a bheith scaoilte, bhual sé faoi i mBaile Átha Cliath agus d'oibrigh sé mar fhíodóir síoda ann. Agus dálaí oibre san earnáil seo ag dó na geirbe aige, chuaigh sé i gCeardchumann na bhFíodóirí Síoda a raibh sé ina rúnaí air ní ba dhéanaí. Bhí sé gníomhach freisin sa Working Men's Temperance Club. Liostáil sé le hArm Cathartha na hÉireann nuair a bunaíodh é i mí na Samhna 1913. Ba bhall díograiseach agus dúthrachtach é agus chuaigh sin i bhfeidhm ar Séamas Ó Conghaile a thug faoi deara cé chomh díograiseach agus cumasach a bhí sé agus mar sin thug sé ardú céime dó agus rinne sé ceann foirne de. D'fhag sé a rian air agus d'ardaigh na caighdeáin smachta agus gairmiúlachta. Ina theannta sin, thug sé réim thraenála an-dian isteach, máiirseálacha, inlíochtaí, agus ionsaithe bréige ar fhoirgnimh phoiblí san áireamh.


De bharr go raibh Ó Conghaile i gceannas ar ghnóthaí le linn an Éirí Amach agus é ionnaithe in Ard-Oifig an Phoist, fágadh ceannasaíocht an phríomhfhórsa ICA do Mallin agus a leascheannaire, an Chuntaois

Markievicz. Bhí siad lonnaithe ar Fhaiche Stiabhna, páirc dhronuilleogach thart ar fiche acra, suite míle amháin ó dheas den GPO, trasna na Life. An bhallraíocht reatha a bhí ag an ICA ná thart ar 400 duine agus meastar gur 200-250 duine a tháinig amach don Éirí Amach. Agus radharc anuas air ón Óstán Shelbourne agus foirgnimh arda eile, bhí orthu an chuid ba mhó de na hionaid i bhFaiche Stiabhna a thréigeadh taobh istigh de cheithre huaire is fiche. Ghabh an chuid is mó d'fhir ICA seilbh ar Choláiste Ríoga na Máinlianna, foirgneamh daingean ar an taobh thiar den Fhaiche - áit inar sheas siad an fód go dtí go bhfuair siad an fógra chun géillte ar an Domhnach.

Cuireadh Michael Mallin os comhair chuírt arm agus daoradh chun báis é. Cuireadh chun báis é ar an 8ú Bealtaine. D'fhág sé a bhean Agnes Hickey, a thriúr mhac agus a bheirt iníon ina dhiadh, an iníon is óige acu a rugadh ceithre mhí tar éis a bháis. Deirtear go raibh sé ina Chaitliceach Rómhánach cráifeach.

09.5


Michael Mallin



Charcoal portrait of Michael Mallin by Seán O'Sullivan RHA.
(National Museum of Ireland).

09.5


Michael Mallin



Letter from Michael Mallin to his future mother-in-law, Mrs J. Hickey of Chapelizod, Co. Dublin. He was then stationed with the British army at Allahabad, a city in the state of Uttar Pradesh in north-east India; 25 April 1901. (Acc. 6358).

09.5


Michael Mallin



Letter from Michael Mallin to his future mother-in-law, Mrs J. Hickey of Chapelizod, Co. Dublin. He was then stationed with the British army at Allahabad, a city in the state of Uttar Pradesh in north-east India; 25 April 1901. (Acc. 6358).

09.5


Michael Mallin



Irish Citizen Army notebook of Michael Mallin recording names and attendances of members, c.1915. (Ms. 34,937).

09.5


Michael Mallin



Irish Citizen Army notebook of Michael Mallin recording names and attendances of members, c.1915. (Ms. 34,937).

09.5

Michael Mallin



Irish Citizen Army notebook of Michael Mallin recording names and attendances of members, c.1915. (Ms. 34,937).